2026/2579

23.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2579 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Samhain 2026

lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí úiré de thionscnamh na Rúise

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 11 Lúnasa 2025, fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') gearán de bhun Airteagal 5 den bhun-Rialachán, ina líomhnaítear go bhfuil allmhairí úiré de thionscnamh na Rúise ('an tír lena mbaineann') á ndumpáil agus go bhfuil díobháil á déanamh do thionscal an Aontais dá bharr.

(2) Ba é Fertilizers Europe ('an gearánach'), ar comhlachas é a dhéanann ionadaíocht ar mhonaróirí Eorpacha úiré, a chuir an gearán isteach. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal úiré an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(3) An 25 Meán Fómhair 2025, thionscain an Coimisiún imscrúdú frithdhumpála ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an fógra tionscnaimh').

1.2. Clárú

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2490 ón gCoimisiún [3] ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

2. AISTARRAINGT AN GHEARÁIN

(5) I litir dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2026, rinne an gearánach an gearán uaidh a aistarraingt.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 9(1) den bhun-Rialachán, féadfar na himeachtaí a fhoirceannadh, ach amháin mura mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais. Níor tháinig aon chúinse chun cinn le linn an imscrúdaithe a léirigh nach mbeadh an foirceannadh chun leas an Aontais.

3. CONCLÚID AGUS NOCHTADH

(7) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart na himeachtaí a fhoirceannadh.

(8) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir sin agus tugadh deis dóibh barúlacha a thabhairt.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

[2] Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí úiré de thionscnamh na Rúise (IO C, C/2025/5240, 25.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5240/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2490 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025 lena gcuirtear allmhairí úiré de thionscnamh na Rúise faoi réir a gcláraithe chun tobhach dleachtanna frithdhumpála ar na hallmhairí a cheadú faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/2490, 11.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2490/oj).

(9) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil as a dtiocfaí ar an gconclúid nach mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais.

(10) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foirceanntar leis seo an t-imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí úiré, bíodh sí i dtuaslagán uiscí nó ná bíodh, bíodh breiseáin inti nó ná bíodh agus ina bhfuil tiúchaintí éagsúla nítrigine de réir chaolú an tuaslagáin uiscí, agus ar de thionscnamh na Rúise í, atá aicmithe faoi láthair faoi na cóid AC 3102 10 12, 3102 10 15, 3102 10 19 agus 3102 10 90.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN